CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/743 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 4 Aibreán 2023

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1681 (EUNAVFOR MED IRINI/1/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, rud a bhunaigh agus a sheol oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) De bhun Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) cinntí a ghlacadh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar EUNAVFOR MED IRINI.

(3) An 27 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1681 ([2]) lena gceaptar an Seachaimiréal Stylianos DIMOPOULOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI ón 1 Deireadh Fómhair 2022.

(4) An 24 Feabhra 2023, mhol na húdaráis mhíleata Iodálacha go ndéanfaí an Seachaimiréal (Cabhlach) Valentino RINALDI a cheapadh i gcomharbas ar an Seachaimiréal Stylianos DIMOPOULOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI ón 1 Aibreán 2023. Thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán sin a moladh.

(5) An 3 Márta 2023, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh a rinne na húdaráis mhíleata Iodálacha.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Valentino RINALDI a cheapadh.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/1681 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Seachaimiréal Valentino RINALDI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/1681 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2022) a aisghairm.

([1]) IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1681 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Meán Fómhair 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/513 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2022) (IO L 252, 30.9.2022, lch. 74).

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Aibreán 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach